13_01_b.mp3

Téipscript 13.1(B): Máthair agus páiste

Clíona: A Shadhbh, ith suas do bhricfeasta go beo! Beimid déanach don scoil!
Sadhbh: Tá mé críochnaithe!
Clíona: OK, téigh suas an staighre anois agus nigh d'aghaidh.
Sadhbh: Ceart go leor, a mham.
Clíona: Faigh do mhála scoile agus tú thuas staighre.
Sadhbh: Tá sé agam.
Clíona: Cuir ort do chóta.
Sadhbh: Ach níl sé fuar!
Clíona: Cuir ort do chóta a dúirt mé agus do láimhíní**.**
Sadhbh: Ceart go leor!
Clíona: Cas timpeall go bhfeice mé… Dún an cóta, le do thoil.
Sadhbh: Ach níl…
Clíona: Dún an cóta agus tar amach go dtí an carr go tapaidh.
Sadhbh: Tá mé ag teacht.
Clíona: Dún an doras i do dhiaidh.
Sadhbh: Tá sé dúnta!
Clíona: Brostaigh ort! Táimid déanach cheana féin.

13_01_d.mp3

Téipscript 13.1(D): Foghraíocht: 'i' v. 'í'

CUID A

ith,	i Meiriceá	bith	cith	pictiúr
bricfeasta	milseog	bille	biseach	dinnéar

CUID B

suigh – suígí
nigh – nígí
luigh – luígí

CUID C

bí – bígí
éirigh - éirígí
tosaigh - tosaígí
críochnaigh – críochnaígí

CUID D

pian, Brian, Cian, grian

© OE Má Nuad

13_03_a.mp3

Téipscript 13.3(A): Séamus as baile

Hi Terry, Séamus anseo. Tá mé ag dul ar laethanta saoire anocht, mar is eol duit. Seo na treoracha chun aire a thabhairt do Nugg, an madra. Faigh an eochair ó Joe in uimhir a sé. Téigh chuig mo theach. Oscail doras an tí agus múch an t-aláram. Téigh isteach sa chistin. Cuir an solas ar siúl. Oscail an cófra in aice leis an gcuisneoir. Faigh canna as an gcófra. Nigh babhla an mhadra. Fág go leor bia sa bhabhla do lá amháin. Fág an solas ar siúl sa chistin. Dún an doras i do dhiaidh. Tabhair an eochair ar ais do Joe. Go raibh míle maith agat!

© OÉ Má Nuad